# Ceacht a Cúig — An Briathar “ceannaigh”
# Lesson Five — The Verb “buy”



| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Ceannaigh** an carr. | **Buy** the car. |
| | **Ceannaígí** an carr. | [Y’all] **put** the car. |
| **2.** | **Cheannaigh** mé an carr. | I **buy** the car. |
| | **Ar cheannaigh** tú an carr? | **Did** you **buy** the car? |
| | Cheannaigh / Níor cheannaigh | Yes / No |
| | **Nár cheannaigh** sé an carr? | **Didn’t** he **buy** the car? |
| | **Níor cheannaigh** sí an carr. | She **didn’t buy** the car. |
| | **Cheannaíomar** an carr. | **We bought** the car. |
| | **Ar cheannaigh** sibh an carr? | **Did** y’all **put** the car. |
| | **Cheannaigh** siad an carr. | They **bought** the car. |
| | **Cár cheannaigh** tú an carr? | **Where did** you **buy** the car? |
| **3.** | **Ceannaím** seacláid. | **I am buying** chocolate. |
| | An **gceannaíonn** tú seacláid? | **Are** you buying chocolate. |
| | Ceannaím (ceannaíonn) | Yes |
| | Ní cheannaím (cheannaíonn) | No |
| | **Nach gceannaíonn** sé seacláid? | **Doesn’t** he **buy** chocolate? |
| | **Ní cheannaíonn** sí seacláid. | She **doesn’t buy** chocolate. |
| | **Ceannaímid** seacláid. | **We buy** chocolate. |
| | **An gceannaíonn** sibh seacláid? | **Do** y’all **buy** chocolate. |
| | **Ceannaíonn** siad seacláid. | They **buy** chocolate. |
| | **Cá gceannaíonn** tú seacláid? | **Where do** you **buy** chocolate? |
| **4.** | **Ceannóidh** mé an carr. | I **will buy** the car. |
| | An **gceannóidh** tú an carr? | **Will** you **buy** the car. |
| | Ceannóidh / Ní cheannóidh | Yes / No |
| | **Nach gceannóidh** sé an carr. | **Won’t** he **buy** the car? |
| | **Ní cheannóidh** sí an carr. | She **won’t buy** the car. |
| | **Ceannóidh** muid an carr. | We **will buy** the car. |
| | **An gceannóidh** sibh an carr? | **Will** y’all **buy** the car. |
| | **Ceannóidh** siad an carr. | They **will buy** the car. |
| | **Cá gceannóidh** tú an carr? | **Where will** you **buy** the cup? |
| **5.** | **Cheannóinn** an carr. | **I would buy** the car. |
| | **An gceannófá** an carr? | **Would you buy** the car. |
| | Cheannóinn / Ní cheannóinn | Yes / No |
| | **Nach gceannódh** sé an carr? | **Wouldn’t** he **buy** the car? |
| | **Ní cheannódh** sí an carr. | She **wouldn’t buy** the car. |
| | **Cheannóimis** an carr. | **We would buy** the car. |
| | **An gceannódh** sibh an carr? | **Would you buy** the car. |
| | **Cheannóidís** an carr. | They **would buy** the car. |
| | **Cá gceannófá** an carr? | **Where would you buy** the car? |
| **6.** | Tá sé ag **ceannach** an chairr. | He’s buying the car. |
| | An bhfuil an carr **ceannaithe** agat? | **Have** you **bought** the car? |

| **Comhrá** | **Conversation** |
| --- | --- |
| A: **Ar cheannaigh** tú cupán tae? | **Did** you **buy** a cup of tea? |
| B: **Níor cheannaigh**. | No (**didn't buy**). |
| A: **Nach gceannaíonn** tú tae gach maidin? | **Don't** you **buy** tea every morning? |
| B: **Ceannaím**, ach ní raibh an t-am agam inniu. | Yes (**I buy**), but I didn't have time today? |
| A: **Ceannóidh** mise cupán tae duit. | I **will buy** a cup of tea for you. |
| B: **An gceannóidh**? Go raibh maith agat! | Really (**will buy**)? Thank you! |
| A: **Cheannóinn** tae duit uair ar bith. | **I would buy** you tea any time. |
| B: An mbeidh tú **ag ceannach** brioscaí freisin? | Will you be **buying** cookies too? |
| A: Ní bheidh. Tá siad **ceannaithe** agam cheana. | No. I have already **bought** them. |
| B: Ba mhaith liomsa ceann, le do thoil. | I'd like one, please. |

| **Ceisteanna** | **Questions** |
| --- | --- |
| 1. **An gceannaíonn** tú caife ar maidin? | **Do** you **buy** coffee in the morning? |
| 2. **Ar cheannaigh** tú bia inniu? | **Did** you **buy** food today? |
| 3. **An gceannóidh** tú tae maidin amárach? | **Will** you **buy** tea tomorrow morning? |
| 4. **An gceannófá** DeLorean? | **Would you buy** a DeLorean? |
| 5. **An osclaíonn** tú an fhuinneog sa charr? | **Do** you **open** the window in the car? |
| 6. **Ar chabhraigh** tú le duine éigin inniu? | **Did** you **help** someone today? |
| 7. **An imríonn** tú cluichí boird? | **Do** you **play** board games? |
| 8. An bhfuil do dhinnéar **críochnaithe** agat? | Have you **finished** your dinner? |
| 9. **An mbreannófá** ar scannán as Gaeilge? | **Would** you **watch** a movie in Irish? |
| 10. Cad air a bhfuil tú **ag smaoineamh**? | What are you **thinking** about? |

| | **<u>Dúnmharú ar an Dart 2</u>**<br>**le Ruaidhraí Ó Báille** | **<u>Murder on the Dart 2</u>**<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
|---|---|---|
| 1. | "Tháinig mise ar an traein." | "I came on the train." |
| 2. | "Ó, sea. Tá an Dart sin an-mhaith sa drochaimsir." | "O, yea. That Dart is very good in bad weather." |
| 3. | Bhí áthas ar Niall nach raibh aon duine eile istigh. | Niall was happy that there wasn't anyone else in. |
| 4. | D'fhéach sé go maith. | He looked good. |
| 5. | Bhí post mar leas-ardmháistir ag teacht aníos, agus ba mhaith leis é a fháil. | There was a job as assistant headmaster coming down, and he wanted to get it. |
| 6. | Sin an t-aon éalú a bhí aige ón seomra ranga. | That was the only escape he had from the classroom. |
| 7. | Chun é seo a dhéanamh, bhí air Biggles a fháil ar a thaobh. | In order to do that, he had to get Biggles on his side. |
| 8. | Sin é an t-aon rud a thóg as a leaba é ar lá mar seo. | That was the one thing that took him out of his bed on a day like this. |
| 9. | "Bhuel, beidh cupán caife agam, agus beidh mé ag dul abhaile," ar seisean. | "Well, I'll have a cup of coffee, and I'll be going home," he said. |
| 10. | "Nó an féidir liom cuidiú leat ar aon bhealach?" | "Or could I help you in any way?" |
| 11. | D'fhéach an fear eile air lena shúile beaga geala. | The other man looked at him with his small bright eyes. |
| 12. | "Imigh leat abhaile, a mhic. | "Go on home, son. |
| 13. | Tá mise chun an rud céanna a dhéanamh." | I'm going to do the same thing." |
| 14. | Bhí Niall an-sásta leis féin ar an mbealach abhaile. | Niall was very happy with himself on the way home. |
| 15. | Ní raibh aon obair le déanamh aige inniu. | He didn't have any work to do today. |
| 16. | Bhí sé tar éis imprisean maith a dhéanamh ar 'Biggles', agus anois, bhí sé ag dul abhaile go dtí bricfeasta mór de bhágún agus d'uibheacha. | He had just made a good impression on 'Biggles', and now, he was going home to a big breakfast of bacon and eggs. |
| 17. | Ina dhiaidh sin, bhí sé chun suí síos agus sos a thógáil dó féin. | After that, he was going to sit down and take a break for himself. |
| 18. | Bhí sé ag obair róchrua. | He was working too hard. |
| 19. | Bhí 3G (trí G) ag tabhairt an-trioblóid dó na laethanta seo. | 3G was giving him a lot of trouble these days. |